Dept. of Education & Science
Post Primary Teachers Section
Cornamaddy,
Athlone,
Co. Westmeath.
TEL: +353-90-6483600
WEB: www.education.ie

An Roinn Oideachais & Eolaíochta
Rannóg Múinteoirí Iarbhunoideachais
Cor na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na Iarmhí

**Imlitir 0135/2006**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na gCoistí Gairmoideachais**

# Íoc liúntais le Múinteoirí Iarbhunoideachais a bhfuil Dioplóma Iarchéime / Ardteastas acu i Riachtanais Speisialta Oideachais

1) Tar éis breithniú a dhéanamh ar éileamh a tháinig ón gComhairle Eadrána do Mhúinteoirí aontaíodh go n-íocfar liúntas le múinteoirí aitheanta ar bronnadh Dioplóma Iarchéime/Ardteastas orthu i Riachtanais Speisialta Oideaachais (RSO) agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach thíos.

2) Beidh an ráta liúntais ionann leis an liúntas a íoctar le múinteoirí aitheanta a rinne an tArdteastas in Oideachas Speisialta ó Choláiste Phádraig.

3) Beidh an líuntas iníoctha le múinteoirí iarbhunoideachais aitheanta faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

   a) Beidh dioplóma iarchéime / Ardteastas aitheanta ag an múinteoir i Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) a fuarthas i ndiaidh cúrsa a dhéanamh i gceann de na ceithre hinstitiúid ainmnithe thíos:
      (1) Coláiste Oiliúna Eaglais na hÉireann, Ráth Maoinis, Baile Átha Cliath 6
      (2) Coláiste Oideachais San Aingeal, Loch Gile, Sligeach
      (3) Coláiste Mhuire gan Smál, Cuarbhóthar Theas, Luimneach
      (4) An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (Ollscoile na hÉireann, Baile Átha Cliath), Belfield, Baile Átha Cliath 4

   b) Beidh an múinteoir
      i) fostaithe i bpost arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta,
      ii) ag obair ar feadh 12 uaire sa tseachtain ar a laghad le daltaí a d'aithin an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta mar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

4) Caillfidh an múinteoir a liúntas
   a) má éiríonn sí/sé go deonach as a ról RSO
   nó
   b) má thugtar ardú céime di/dó a chiallaíonn go gcaithfidh sí/sé éirí as an bpost RSO

5) Ní bheidh múinteoir a ath-shanntar ag bainistíocht na scoile ón ról RSO go ról eile sa scoil, laistigh de 4 bliana ó fháil an liúntais, i dteideal an liúntas a choimeád.

6) D'fhéadfadh múinteoir a athshanntar ag údarás na scoile, ó ról RSO go ról eile sa scoil, tar éis 4 bliana a chríochnú i ról RSO, a bheith i dteideal an liúntas a choimeád sa chás go ndeimhníonn an scoil go bhfuil an múinteoir ag obair ar chúrsaí RSO sa scoil i gcónaí. Ach oiread leis sin, d'fhéadfadh múinteoir a ath-imscartar go scoil eile a bheith i dteideal an liúntas a choimeád má dheimhníonn an scoil a dtéann an múinteoir chuige go bhfuil an múinteoir ag obair ar chúrsaí RSO i gcónaí sa scoil sin.

7) Cuirfidh údarás na scoile in iúl é láithreach don rannán párolla den Roinn Oideachais & Eolaíochta nó Choiste Gairmoideachais lena mbaineann más amhlaidh nach bhfuil múinteoir i dteideal an liúntais seo a thuilleadh.

8) Ba cheart do mhúinteoirí ar éirigh leo i gcúrsa Dioplóma Iarchéime / Ardteastas i Riachtanais Speisialta Oideachais an fhoirm iarratais atá ceangailte leis seo a chomhlánú (Foirm 1/C0135/2006) d'íoc an liúntais chuí agus é a sheoladh chuig an seoladh a thugtar ar an bhfoirm. Má chomhlíontar théarmaí na hImlitreach beidh an liúntas iníoctha ón 1ú Meán Fómhair den scoilbhliain i ndiaidh chríoch an chúrsa.

9) Iarrtar ort aird gach comhalta den fhoireann teagaisc a dhíriú ar an Imlitir seo. Tá cóip den Imlitir seo le fáil chomh maith ar láithreáin gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ag www.education.ie

10) Iarrtar ort cóip den Imlitir seo a sholáthar do chomhaltaí an Bhoird Bhainistíochta.

11) Ba cheart aon chomhfhreagras leis an Roinn maidir le hábhar na litreach seo a chur le ríomhphost chuig PPTAppointments@education.gov.ie

A. Killian
Príomhoifigeach

Deireadh Fómhair, 2006